TUARASCÁIL

Arna chur in eagar ag:
Uinsionn Mac Dubhghaill

1992

Athrú molta in Ollscoil Luimnigh

MEASTAR go dtiocfaidh brú láidir ar Ollscoil Luimnigh a gcuid riachtanas iontrála a athrú nuair a phléifidh comhairle acadúil na hollscoile an cheist Dé Céadaoin seo chugainn.

Deir foinse san ollscoil linn go bhfuil dhá dhámh ar a laghad ann i bhfábhar na rialacha a athrú. "Tá an rud ag dul thart ag na dámha éagsúla faoi láthair agus tá péire acu tar éis glacadh leis an rud atá ag Coláiste na Tríonóide, sé sin, Béarla agus teanga eile, gan aon idirdhealú a dhéanamh," a dúirt sé.

Ón bhFómhar seo, ní mór marcanna áirithe sa Bhéarla, sa mhata agus i dteanga oifigiúil de chuid an Chomhphobail Eorpaigh a bheith ag iarrthóir chun dul isteach in Ollscoil Luimnigh, faoi mar a sheasann na rialacha faoi láthair. Ós rud é nach teanga oifigiúil de chuid an CE í an Ghaeilge, ní ghlacfar léi mar riachtanas iontrála, cé go nglacfar léi le haghaidh "pointí" iontrála. Tá an cinneadh cáinte ag eagrais Ghaeilge agus bhagair Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge an dlí a chur ar an ollscoil dá bharr.

Is iad dámh an oideachais agus dámh na ndaonnachtaí an dá dhámh atá ag iarraidh na rialacha a athrú, dar lenár bhfoinse. Chomh maith leis sin, tuairiscítear sa nuachtán *Anois* go ndearna dámh na hinnealtóireachta ann suirbhé i measc na mac léinn atá sa dámh faoi láthair, a léirigh nach raibh eolas ar aon teanga ag 12 faoin gcéad díobh, seachas Béarla agus Gaeilge. Vótáil an dámh féin i bhfábhar "socrú ar ionann é agus an Ghaeilge a bheith curtha ar aon chéim leis na teangacha Eorpacha eile", a deirtear sa tuairisc.

Dúirt urlabhraí ón ollscoil linn nach raibh an ollscoil in ann a rá go fóill cén dearcadh atá ag na dámha toisc nach bhfuil sin curtha faoi bhráid na comhairle acadúla go hoifigiúil go fóill. Dúirt urlabhraí ón Roinn Oideachais go raibh an Roinn ag fanacht le scéala ar ais ón ollscoil mar gheall ar an bplé.

Tuairiscítear chomh maith go ndúirt an Teachta Dála Michael D. Higgins sa Dáil go gcuirfeadh sé picéad ar Ollscoil Luimnigh mura n-athródh na húdaráis an polasaí i leith na riachtanas iontrála.

Imní faoi Maastricht

TARLÓIDH ciorruithe siar ar chaiteachas poiblí, arduithe cánacha agus díbhoilsciú ar scála Eorpach de thoradh an chonartha a cuireadh le chéile ag Maastricht, dar le grúpa nuabhunaithe atá ag eagrú feachtais i gcoinne an chonartha. De réir an "Seasamh ar son Fostaíochta, Daonlathais, Neodrachta", ba chóir do dhaoine vóta "ní bheidh" a chaitheamh sa reifreann a bheas ar siúl sa tír faoin gceist.

Deir ráiteas ón ngrúpa go bhfuil imní orthu toisc go gceapann siad go dtarlóidh méadú mór ar imirce agus ar dhífhostaíocht in Éirinn má chuirtear an conradh i bhfeidhm. Faoin gconradh, beidh ar an tír spriocanna áirithe a bhaint amach agus muid ag dul i dtreo an aontaithe airgeadra: beidh orainn na fiacha náisiúnta a ísliú go dtí leibhéal nach dtéann thar 60 faoin gcéad den olltáirgeacht náisiúnta (GDP) agus beidh orainn an t-easnamh sa cháinaisnéis a choinneáil ar leibhéal atá níos ísle ná trí faoin gcéad den iomlán, ar an meán. Faoi láthair tá na fiacha náisiúnta ag leibhéal atá os cionn 100 faoin gcéad den GDP.

Fágfaidh sé sin go laghdófar ar an méid airgid a bheas ar fáil sa státchiste chun íoc as seirbhísí sóisialta, sláinte agus oideachais. Ní bheidh an t-airgead ann chun scuainí oispidéil a laghdú, foirgnimh scoile a dheisiú nó postanna a chruthú — gan trácht ar rudaí nua ar nos seirbhís theilifíse trí Ghaeilge. Cuirfear airgead ar fáil ón gComhphobal Eorpach i gciste nua "comhtháite" ón mbliain seo chugainn ach níl aon chinnteacht ann fós cé mhéad a bheas ar fáil ón gciste. Meastar chomh maith go gcaithfear an chuid is mó de ar infrastruchtúr iompair nó cúrsaí timpeallachta, dar leis an ngrúpa.

An toradh a bheas ar na hiarrachtaí a mbeidh ar an Rialtas a dhéanamh chun spriocanna Maastricht a bhaint amach ná go gcuirfear tús le ré nua airgeadachais nó "monetarism", cosúil lenar tharla sa Bhreatain le linn réimeas Thatcher. Ní hamháin sin, ach tarlóidh an rud céanna i mballstáit eile de chuid an CE agus feicfear an "Thatcherachas" ag teacht i bhfeidhm ar fud na hEorpa, má ghlactar le conradh Maastricht, a deir an grúpa.

Ciste gan Fheidhm

NÍL suim ag daoine feidhm a bhaint as tacaíocht airgid le gnó trí Ghaeilge a bhunú i mBaile Átha Cliath. Seo í an fhadhb atá ag comharchumann Pobal Teo atá ag iarraidh feidhm a bhaint as ciste díomhaoin de £7,500 chun cúnamh a thabhairt do aon duine tabhairt faoi ghnó trí Ghaeilge. Go fóill ach go háirithe níl ar a gcumas fáil réidh lena gcuid airgid, a deirtear i nuachtlitir uathu.

Bhunaigh Pobal gnó clóchuradóireachta le ciste £3,000 cúpla bliain ó shoin, a seoladh anuraidh mar chuideachta ar leith — Peanntrónaic Teoranta — agus a ghlan a cuid fiacha leis an gcomharchumann, rud a d'fhág an ciste £7,500 acu atá díomhaoin ó shoin. Ní de thoradh easpa iarrachta a tharla an staid seo. Ós rud é nár aimsigh Pobal aon dream nó duine go raibh suim acu infheistíocht a fháil uathu, fuair Pobal deontas ó Bhord na Gaeilge; chur siad fógraí sna nuachtáin agus reachtáil siad seimineár chun a bprionsabail gnó a mhíniú. Dúirt siad go raibh ciste ar fáil agus go mbeadh an comharchumann sásta breis airgid a iarraidh dá mbeadh an tionscnamh fiúntach, dar leo. Theip orthu athuair.

Anois tá Pobal ag iarraidh ar a gcuid scairshealbhóirí an mbeadh fonn orthu siúd tabhairt faoi ghnó trí Ghaeilge, nó an mbeadh fonn ar a gcuid mac nó iníonacha a leithéid a dhéanamh. Deir siad nach gá fiú go mbainfeadh an gnó leis an nGaeilge ná le cur chun cinn na Gaeilge ach go mba bhuntáiste é dá gcuirfeadh an tionscnamh le húsáid na Gaeilge sa saol gnó ach go háirithe. Mar bharr ar seo tá Pobal ag smaoineamh ar bhainisteoir a fhostú le forbairt a dhéanamh ar an gcomharchumann. Beidh an scéal á phlé ag cruinniú cinnbhliana Phobal san oíche amárach.

Friotal Aibí

IS éagsúil filíocht Ghearailt Mhic Eoin ón chineál is minice agus is mó a bhíonn faoi thrácht, nach filíocht an duine óig a scríobhann sé. Sa chnuasach "Labhraí Loingseach" (Coiscéim, £2.50) tá daichead dán ilchineál, agus is spéisiúil an meascán sin téamaí ann féin.

Saothraíonn Mac Eoin an dán grá, ach ní ar bhealach na hóige. Tá de mhisneach ann dánta polaitiúla a scríobh. Meabhraíonn sé ar an dul in aois, agus ar thrá roinnt céadfaí, ar éag na gcarad, ar athrú an ghrá. Ní miste leis insint dúinn go gcoinníonn sé roinnt faoi cheilt, ná tabhairt arís faoi théamaí an dúlra.

Tugann an aibíocht seo taitneamh neamhghnách don léitheoir, agus tá foighid na mblianta ag meascadh le flosc an fhile ar bhealach an-spéisiúil. Ní minic an trua agus an trócaire i nuadhánta na Gaeilge, ná ceiliúradh na soineantachta — "a bheith inár ngasúir le chéile". Cuireann cuid de na dánta seo saothar leis an Direánach i gcuimhne, ach is mó is fear cathrach é seo, is mó de léann ár linne atá air, is lú den chumha mhaothnasach i ndiaidh na hóige.

Léirmheas: Gréagóir Ó Dúill

Thuaidh agus Theas

GHNÓTHAIGH coiste Ghlór na nGael i mBéal Feirste Thiar duais £3,000 i gcomórtas bliantúil Ghlór na nGael, a fógraíodh i mBaile Átha Cliath ar an Déardaoin. Chuaigh an chéad dhuais ó dheas go dtí Fionntrá, Co Chiarraí.

Cuimhneofar gur tharraing Oifig Thuaisceart Éireann siar an deontas stg £90,000 a bhíodh á dháileadh ar an gcoiste i Lúnasa 1990. Cuireadh i leith an ghrúpa go raibh baint aige le gníomhaíochtaí paramíleata, cé nár shoilíoirigh an OTÉ riamh cén bunús a bhí leis an tuairim sin. Shéan an coiste gur mar sin a bhí an scéal, agus cáineadh an cinneadh go forleathan, thuaidh agus theas.

Duais i "scéim na mbuaiteorí" a bhronnfar ar mhuintir Bhéal Feirste. Ag labhairt ag an ócáid ghlac cathaoirleach an choiste, Nóirín Ní Chléirigh buíochas le grúpaí éagsúla agus le daoine aonaracha a chuir síntiúis chucu ó gearradh an deontas. Murach na daoine sin ní bheadh an coiste fós ann. "In ainneoin an teannas agus na deacrachtaí a bhaineann leis an saol ó lá go lá anseo, leanann daoine orthu ag cur a bpáistí ag scoileanna lánGhaeilge agus tacaíonn siad leis na tionscnaimh chultúrtha éagsúla a bhíonn á n-eagrú againn," a dúirt sí.

Bronnfar duaiseanna gur fiú £6,000 san iomlán iad ar choiste Fhionntrá, a tháinig sa chéad áit sa chomórtas agus a bhuaigh gradam Aire na Gaeltachta agus duais Údarás na Gaeltachta chomh maith. I measc na rudaí a bhain an coiste amach bhí oscailt halla pobail/spóirt ar chostas £30,000 agus tionscnaimh áirithe oideachasúla.

Ar na duaiseanna eile a fógraíodh bhí:

Trófaí na gcomhlachtaí: Telecom Éireann; Duais aitheantais: An Béal Bocht, Baile Átha Cliath agus ollmhargaí L&N; Iontráil nua is fearr: An Cheathrú Rua; An chéad áit sna Sé Chontae: Doire; Duais na hóige: Baile Uí Mhurchú, Béal Feirste Thiar; Duais £500 i rannóga éagsúla: Doire; Cill Chainnigh; Sionna, Co an Chláir; Caisleán Nua Thiar, Co Luimnigh agus Balla, Co Mhaigh Eo.

Éigse an Athar Peadar

"AN CRÓINÉIR nó an lia don Ghaeilge i 1992 ?" an teideal atá ar éigse Scoil an Athar Peadar a bheidh ar siúl i gColáiste Ghobnatan, Baile Mhúirne an deireadh seachtaine seo. Is é an t-iar-Thaoiseach Seán Ó Loinsigh a dhéanfaidh oscailt oifigiúil ar an éigse oíche Dé hAoine agus tabharfaidh Tadhg Ó hÉalaithe, Rúnaí Roinn na Gaeltachta léacht ar "Ról an Stáit agus an Ghaeilge" ar 8.30 pm. Is é an Seanadóir Éamon Ó Cuív a chuirfidh tús le himeachtaí an tSathairn le léacht ar "Conas is féidir cúlú na teanga a stop" agus ag meán lae labhróidh iarcheannaire Fhine Gael, Alan Dukes ar "Thábhacht na Gaeilge in Eoraip 1992". Eolas: Domhnall Ó Loinsigh (026) 45103.

☐ Is é Mícheál Ó Muircheartaigh atá mar éarlamh ar Oireachtas na Gaeilge 1992. I nDaingean Uí Chúis, Co Chiarraí a thionólfar féile na bliana seo ón 23 Deireadh Fómhair go 1 Samhain. Tá leagan amach na féile mar a bhíonn go hiondúil leis an oscailt oifigiúil ar an Aoine 23 Deireadh Fómhair, fáiltiú ar an Satharn, léacht an Oireachtais ar an Domhnach. Cuirfear tús le comórtas sean-nós na bhfear ar an Déardaoin agus leanfaidh comórtas sean-nós na mban é ar an Aoine. Is é 1 Iúil an dáta deiridh iontrála le haghaidh na gcomórtas litearta agus 11 Meán Fómhair an dáta deiridh le haghaidh na gcomórtas ardáin.

☐ Reachtálfar seimineár ar "An Pobal agus an Dlí, Pobal na Gaeilge; Pobal na Breatnaise" in óstán na Páirce, An Spidéal, Co na Gaillimhe ar an Satharn ag tosnú ar 10.30 am. Eolas: Eilís Ní Bheilbigh 01-763222.

☐ Tá Oideas Gael i nDún na nGall ag tairiscint réimse breise de chláracha cultúrtha i mbliana le cois na gcúrsaí teanga. Siúl sléibhe, péintéireacht mhara, damhsaí seite, seandálaíocht agus fíodóireacht agus dearadh a bheidh ar fáil. Eolas: 01-213566 nó 073-30051.

☐ Seoladh sraith nua de chláracha teilifíse Gaeilge atá déanta ag Scun Scan, Ráth Cairn le déanaí. Sracfhéachaint ar imeachtaí Fhéile na Mí 1991 agus comórtas amhránaíochta ar an sean-nós a bhí mar ábhar ag an gcéad chlár. Craolfar cláracha eile sa tsraith nua ar Theilifís Phobail na hUaimhe.

☐ "Séadchomharthaí na tuaithe" atá ar leabhrán nua Oifig na nOibreacha Poiblí atá ar fáil ó oifig dhíolta na bhfoilseachán Rialtais. Tá cuma snasta ar an leabhrán seo le léaráidí agus dearadh den scoth.

☐ Beidh reacaireacht fhilíochta ar siúl i gclub Chualann, óstán Mayfair, Bri Chualann ar an Aoine agus deirtear linn go mbeidh fáilte roimh filí de gach sórt a gcuid dánta a léamh don slua. Gabriel Rosenstock a chuirfidh tús leis.

☐ Tá seimineár do mhúinteoirí teanga ar siúl i dteanglann Choláiste Phádraig, Maigh Nuad ar an Satharn 7 Márta. Eolas: 6285222 (349) nó (414).

☐ Craoltar "Leabharmharc", clár ina ndéanann cainteoirí éagsúla cur síos ar a rogha leabhar, ar an Satharn ar Raidió na Gaeltachta ar 6.30 pm. Mícheál Holmes atá á léiriú.



An Tánaiste agus Aire na Gaeltachta, Seán Mac Uilliam (ar chlé) agus Peadar Ó Flatharta, stiúrthóir Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge ag fógairt torthaí Ghlór na nGael

Comórtas

COMÓRTAS E56: "Eurowaffle". Ba é "Eoraméis" rogha na coitiantachta ag ár léitheoirí an tseachtain seo, le téarmaí éagsúla eile cosúil le "Eorpméis" ag Brian Ó Damháin as an Droichead Nua agus "Eorplagair" ag Tomás Ó Suilleabháin, Baile Átha Cliath. Ach i ndeireadh na dála chinn muid ar sheic na seachtaine seo a bhronnadh ar Bhéra Ní Aodha, An Ceathrún Caol, Móta Gráinne Óige, Co na hIarmhí a mhol "Seafóid na saoi Eorpach" dúinn.

COMÓRTAS E57: Ainm le haghaidh páirtí nua polaitíochta atá á lorg againn anseo. Tar eis scoilt Pháirtí na nOibrithe ar an Satharn beidh ainm nua á lorg. Bíodh bhur gcuid moltaí againn faoi mhaidin Luain agus "Tuarascáil E57" ar an gclúdach.

COMÓRTAS E58: "Futuristic". Aidiacht a chuireann síos ar an gcuma atá ar rud faoi mar a shamhlófá é sa todhchaí. Cuirigí bhur gcuid moltaí ar théarma cuí chugainn faoi mhaidin Luain 8 Márta agus "Tuarascáil E58" ar an gclúdach. Seic £20 don mholadh is fearr.

FOCLÓIR: Dámh — Faculty; Riachtanas Iontrála — Entry Requirement; Daonnachtaí — Humanities; Díbhoilsciú — Deflation; Airgeadra — Currency; Easnamh — Deficit, Lack; Scuaine — Queue; Ciste Comhtháite — Cohesion Fund; Scairshealbhóir — Shareholder; Friotal — Expression, Speech.

Tuairisceoireacht bhreise:
Duirena Ní Chinnéide